COMHDHÁIL AR AONTACHAS
LEIS AN AONTAS EORPACH
– POBLACHT NA MOLDÓIVE –

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**AD 19/26**

**LIMITE**

**CONF-MD 2**

PUBLIC

**DOICIMÉAD AONTACHAIS**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH<br>– Cnuasach 1: Bunphrionsabail |

<u>**CAIBIDLÍOCHT AONTACHAIS**</u>

**Poblacht na Moldóive**

<u>**COMHSHEASAMH ÓN AONTAS**</u>

(ag eascairt as Seasamh Caibidlíochta na Moldóive AD 17/26 CONF-MD 1)

PUBLIC

---

**Cnuasach caibidlíochta: 1**

**Bunphrionsabail**

**Lena n-áirítear Feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha, Athchóiriú ar an riarachán poiblí, caibidlí 23 – Na breithiúna agus na cearta bunúsacha, 24 – Ceartas, saoirse agus slándáil, critéir eacnamaíocha, caibidlí 5 – Soláthar poiblí, 18 – Staidreamh, 32 – Rialú airgeadais**

---

Tá an seasamh seo ón Aontas Eorpach bunaithe ar an seasamh ginearálta uaidh le haghaidh na comhdhála aontachais leis an Moldóiv (AD 11/24 CONF-MD 2) agus tá sé faoi réir na bprionsabal caibidlíochta a fhormhuinítear ann, go háirithe na prionsabail seo a leanas:

– aon tuairim a chuirfidh an Mholdóiv nó an tAontas in iúl maidir le caibidil shonrach den chaibidlíocht, ní dhéanfaidh sí réamhbhreith ar an seasamh a d'fhéadfaí a ghlacadh maidir leis na caibidlí eile;

– d'fhéadfadh sé nach measfaí gur comhaontuithe críochnaitheacha iad comhaontuithe ar thángthas orthu le linn na caibidlíochta maidir le caibidlí sonracha, fiú amháin comhaontuithe páirteacha, go dtí go dtiocfar ar chomhaontú foriomlán maidir leis na caibidlí uile;

– agus tá sé faoi réir na riachtanas a leagtar amach i bpointí 5, 11, 12, 32, 37, 38, 39, 40, 41, 42, 43, 44, 45, 49 agus 51 den Chreat Caibidlíochta.

Molann an tAontas don Mholdóiv leanúint den phróiseas ailínithe le *acquis* an Aontais agus dá chur chun feidhme agus dá fhorfheidhmiú éifeachtach, agus molann sé di go ginearálta, roimh aontachas, beartais agus ionstraimí a fhorbairt a bheidh chomh gar agus is féidir do bheartais agus ionstraimí an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann an Mholdóiv, ina seasamh (AD 17/26 CONF-MD 1), le *acquis* an Aontais faoi Chnuasach 1 mar atá i bhfeidhm maidir le 3 Meitheamh 2026 agus go mbeidh sí faoi réir lena chur chun feidhme faoi dháta a haontachais leis an Aontas Eorpach.

PUBLIC

**1. Feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha**

Tugann an tAontas dá aire gur leag an Mholdóiv síos ina hord bunreachtúil na bunchlocha le haghaidh **stát daonlathach** agus go bhfuil sí ag leanúint dá hinstitiúidí daonlathacha a chomhdhlúthú. Measann an tAontas go gcuidíonn an creat dlíthiúil agus institiúideach le toghcháin dhaonlathacha a eagrú. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv gníomhú de réir na moltaí nár tugadh aghaidh orthu go fóill ón ESCE/Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine, agus ailíniú a thuilleadh le reachtaíocht an Aontais agus le caighdeáin idirnáisiúnta agus Eorpacha. I measc na bpríomhréimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu tá reachtaíocht maidir le fógraíocht pholaitiúil agus na meáin le linn feachtais toghcháin, go háirithe an creat dlíthiúil agus sásraí maoirseachta do na meáin ar líne, agus iriseoirí a chosaint ar imeaglú agus ar ionsaithe. Tugann an tAontas dá aire gur chuir na feabhsuithe a rinneadh le déanaí maidir le páirtithe polaitiúla agus feachtais a mhaoiniú leis an trédhearcacht fhoriomlán. Tá gá le tuilleadh iarrachtaí, lena n-áirítear acmhainneacht agus acmhainní Lárchoiste na dToghchán a neartú. Tugann an tAontas dá aire pleananna na Moldóive athléimneacht a cuid toghchán a neartú i gcoinne cur isteach eachtrach agus béim á leagan ar sciúradh airgid a chomhrac agus maoiniú feachtais a rialáil.

Tugann an tAontas dá aire gur neartaíodh ról **pharlaimint** na Moldóive. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí chun trédhearcacht, cuntasacht, ionracas agus éifeachtacht fhoriomlán a mhéadú. Áirítear leis sin feabhas a chur ar chuntas teiste na maoirseachta parlaimintí ar institiúidí neamhspleácha agus a áirithiú go ndéanfar gníomhaíochtaí agus cinntí parlaiminteacha a fhoilsiú go tráthúil agus go cuimsitheach, chomh maith le dréachtdlíthe agus doiciméid tionlacain. Le glacadh an chóid maidir le heagrú agus oibriú na Parlaiminte chomh maith le rialacháin maidir le heitic, cuirfear tuilleadh feabhais ar fheidhmiú éifeachtach na Parlaiminte agus ar ionracas a comhaltaí.



PUBLIC

Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go bhfuil, ar an iomlán, an creat dlíthiúil, rialála agus institiúideach d'**eagraíochtaí na sochaí sibhialta** i bhfeidhm. Tugann an tAontas dá aire pleananna na Moldóive cosaint éifeachtach eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus chosantóirí chearta an duine a áirithiú, lena n-áirítear tríd an ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht an phobail. Cuireann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá iarrachtaí leanúnacha chun cáilíocht agus trédhearcacht na bpróiseas comhairliúcháin phoiblí a fheabhsú a thuilleadh, chun iad a dhéanamh níos córasaí agus níos fiúntaí.

PUBLIC

**2. Athchóiriú ar an riarachán poiblí**

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Mholdóiv ailínithe go páirteach le caighdeáin an Aontais a mhéid a bhaineann leis an g**creat straitéiseach** le haghaidh athchóiriú ar an riarachán poiblí. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv an creat atá i bhfeidhm a neartú ó thaobh sásraí faireacháin, tuairiscithe agus athbhreithnithe de, chomh maith le hinbhuanaitheacht airgeadais. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv freisin a straitéis a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise an mheasúnaithe is déanaí ar athchóiriú an riaracháin phoiblí a rinne ECFE/SIGMA agus i bhfianaise ghlacadh an Phlean Fáis don Mholdóiv, i bhfad roimh an athbhreithniú meántéarma atá beartaithe faoi láthair.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Mholdóiv ailínithe go páirteach le caighdeáin an Aontais maidir le **forbairt agus comhordú beartais**. Tugann an tAontas dá aire freisin go mbaineann na príomhdhúshláin le ceapadh beartais a bhaineann le haontachas leis an Aontas a phríomhshruthú i bpleanáil ghinearálta an rialtais, cúraimí ina leith sin a roinnt go soiléir idir an lár rialtais agus na haireachtaí agus cur le hacmhainneacht na n-aireachtaí maoirseacht shistéamach a dhéanamh ar chur chun feidhme beartas agus comhairliúcháin tráthrialta agus cur chuige fianaisebhunaithe a chur i bhfeidhm sna nósanna imeachta cinnteoireachta. Chun maolú a dhéanamh ar na rioscaí a ghabhann le dlús forleathan a chur le trasuí dhlí an Aontais, iarrann an tAontas ar an Moldóiv iarrachtaí a dhéanamh faireachán córasach a dhéanamh ar chur chun feidhme na reachtaíochta a glacadh le déanaí agus a áirithiú nach mbainfear an bonn de cháilíocht na reachtóireachta ná de mhuinín na bpáirtithe leasmhara.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Mholdóiv ailínithe go páirteach le caighdeáin an Aontais i réimse **an bhainistithe acmhainní daonna sa tseirbhís phoiblí**. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór an t-ollstruchtúr foriomlán don earcaíocht thrédhearcach, iomaíoch agus bunaithe ar fhiúntas agus don dul chun cinn gairme a neartú. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir freisin go gcaithfear an t-athchóiriú rialála a dhíriú ar aicmiú stóinseach ar phoist sa státseirbhís, agus ilroinnt an chreata dhlíthiúil is infheidhme maidir le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí poiblí a laghdú. Ní mór freagrachtaí na státseirbhíseach sinsearach is airde céim sna próisis bainistíochta acmhainní daonna a shainiú agus a chomhdhlúthú go soiléir, agus a áirithiú go ndéanfar earcaíocht, arduithe céime, aistrithe agus dífhostú ar bhealach trédhearcach, oibiachtúil agus bunaithe ar fhiúntas, agus go mbeidh struchtúr cobhsaí, comhdhlúite agus trédhearcach i leith scála tuarastail i bhfeidhm chun tacú leis na próisis sin.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil leibhéal íseal ailínithe ag an Moldóiv le caighdeáin an Aontais i réimse **an eagrúcháin agus na cuntasachta**. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv an cur chun feidhme a chomhdhlúthú chun cuntasacht na n-institiúidí poiblí a áirithiú i leith na n-institiúidí maoirseachta neamhspleácha, chomh maith le gearánaigh aonair. Tugann an tAontas dá aire nach bhfuil an Mholdóiv ailínithe faoi láthair le reachtaíocht an Aontais lena dtugtar aghaidh ar idir-inoibritheacht na gcóras rialachais agus ar sholáthar trasteorann seirbhísí digiteacha agus go bhfuil sí ailínithe go páirteach le caighdeáin an Aontais i réimse an t**soláthair seirbhísí**. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá feabhas a chur ar éifeachtacht fhoriomlán r-sheirbhísí rialtais, mar gheall, go háirithe, ar sciar íseal na n-úsáideoirí gníomhacha sa phobal. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir freisin go bhfuil sé tábhachtach tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an dul chun cinn maith a rinneadh ar dtús maidir le seirbhísí poiblí a sholáthar atá dírithe ar an úsáideoir trí chóras na 'ionaid ilfhreastail' sa Mholdóiv, go háirithe trí bhainistiú fónta cáilíochta chun soláthar seirbhísí ar ardchaighdeán a áirithiú ar fud na tíre ar fad. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Creat Eorpach Idir-inoibritheachta ailínithe go páirteach le caighdeáin an Aontais maidir le córas bainistithe airgeadais phoiblí, agus go bhfuil creat dlíthiúil agus institiúideach seanbhunaithe i bhfeidhm.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Mholdóiv ailínithe go páirteach le caighdeáin an Aontais maidir le **bainistiú airgeadais phoiblí** agus go bhfuil creat dlíthiúil agus institiúideach seanbhunaithe i bhfeidhm ag an Moldóiv le haghaidh bainistiú airgeadais phoiblí. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv a áirithiú go gcuirfear a reachtaíocht chun feidhme sa chleachtas agus go ndéanfar a hacmhainneachtaí a neartú chun a áirithiú go mbainfear úsáid thrédhearcach éifeachtach as cistí poiblí. Cuireann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé don Mholdóiv a creat buiséadach meántéarmach a threisiú le réamhaisnéis airgeadais inchreidte agus na hacmhainneachtaí institiúideacha a mhéadú chun faireachán éifeachtach a dhéanamh ar rioscaí fioscacha. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv feabhas a chur ar a bainistiú infheistíochta poiblí i gcomhréir le cur chuige na píblíne tionscadail aonair. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv acmhainneacht acmhainní daonna a riaracháin bainistíochta airgeadais phoiblí a neartú chun éifeachtúlacht eisíocaíocht chistiú an Aontais a áirithiú agus chun ioncam fioscach na Moldóive a mhéadú. Molann an tAontas don Mholdóiv trédhearcacht agus maoirseacht an phróisis bhuiséadaigh a neartú, go háirithe trína áirithiú go mbeidh shonraí fioscacha ar fáil go poiblí agus go tráthrialta d’fho-earnálacha uile an rialtais ghinearálta i gcomhréir le ceanglais Chóras Cuntas Eorpach 2010. Molann an tAontas don Mholdóiv institiúid fhioscach neamhspleách a bhunú chun comhlíontacht na mbeartas fioscach sa tír a áirithiú agus a fhaire.

**3. Caibidil 23 – Na breithiúna agus na cearta bunúsacha**

Cuireann an tAontas in iúl go bhfuil creat reachtach institiúideach na Moldóive ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais agus leis na caighdeáin ábhartha Eorpacha a bhaineann le **feidhmiú na mbreithiúna**. Is díol sásaimh don Aontas na próisis ghrinnfhiosrúcháin uaillmhianacha leanúnacha do phoist na mbreithiúna agus na n-ionchúisitheoirí is airde, arb é is aidhm dóibh **neamhspleáchas**, neamhchlaontacht, cuntasacht, éifeachtúlacht agus gairmiúlacht an chórais ceartais a neartú. Ba cheart don Mholdóiv leanúint de dhul chun cinn suntasach a dhéanamh ina leith sin le cistiú leanúnach ón Aontas.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat dlíthiúil agus institiúideach ag an Moldóiv lena n-áirithítear rialáil láidir **cuntasachta**, cé go bhfuil gá le tuilleadh feabhsuithe chun forálacha araíonachta i measc na mbreithiúna trí chéile a chomhchuibhiú agus chun a áirithiú go gcuirfear na forálacha sin chun feidhme. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur cheart don Mholdóiv leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh agus cuntas teiste láidir a léiriú maidir le cuntasacht agus ionracas leanúnach sa chóras breithiúnach ar gach leibhéal. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv acmhainneacht, cáilíocht, trédhearcacht agus éifeachtúlacht na gcomhlachtaí féinrialaitheacha, na hUaschomhairle Giúistíseachta agus Uaschomhairle na nIonchúisitheoirí agus a mboird speisialaithe a neartú a thuilleadh. Ní mór a áirithiú go mbeidh próiseas comhsheasmhach, trédhearcach, neamhspleách, iomaíoch agus bunaithe ar fhiúntas i bhfeidhm chun comhaltaí, a ndearnadh grinnfhiosrú orthu, de phríomhchomhlachtaí breithiúnacha agus ionchúisimh a cheapadh. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá don Mholdóiv neamhspleáchas nós imeachta na n-ionchúisitheoirí a fheabhsú, lena n-áirítear trí shásra éifeachtúil achomhairc a áirithiú i gcoinne treoracha ordlathacha agus athshannta, agus córas leithdháilte cásanna randamach na mbreithiúna agus na n-ionchúisitheoirí a neartú i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha. Tugann an tAontas dá aire agus is díol sásaimh dó gur thug an Mholdóiv creat dlíthiúil na nósanna imeachta bunreachtúla cothrom le dáta le déanaí agus iarrann sé ar an Moldóiv a áirithiú go gcuirfear an creat sin chun feidhme i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha.

Leis na hathruithe ar an gcreat dlíthiúil agus institiúideach treisíodh **cáilíocht** an chórais bhreithiúnaigh, rud a léiríonn gur gá inrochtaineacht, cáilíocht agus seachadadh éifeachtúil an cheartais a áirithiú go comhsheasmhach. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv folúntais a líonadh agus straitéisí acmhainní daonna a fhorbairt do na breithiúna ar cuid díobh iad athchóiriú cuimsitheach ar thuarastail. Táthar ag súil le cur chun feidhme na léarscáileanna breithiúnacha agus ionchúisimh, le dul chun cinn maidir leis an digiteáil agus le feabhsú ar fheidhmiú na hInstitiúide Náisiúnta Ceartais, i gcomhréir le moltaí athbhreithnithe piaraí faoin Ionstraim um Chúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise. Maidir le h**éifeachtúlacht**, ba cheart don Mholdóiv fad na n-imeachtaí breithiúnacha a laghdú, rátaí imréitigh a fheabhsú, riaráiste cásanna a laghdú agus úsáid sásraí malartacha um réiteach díospóidí a chur chun cinn.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat reachtach agus institiúideach na Moldóive **in aghaidh an éillithe** ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais. Ba cheart don Mholdóiv a áirithiú go mbeidh acmhainneachtaí institiúideacha leordhóthanach ag na hinstitiúidí speisialaithe in aghaidh an éillithe agus na hinstitiúidí ábhartha eile atá freagrach as an t-éilliú a chomhrac, agus a neamhspleáchas agus a gcomhar idirinstitiúideach a threisiú. Tugann an tAontas dá aire pleananna na Moldóive na córais bhreithiúnacha agus ionchúisimh in aghaidh an éillithe a neartú a thuilleadh i gcomhréir le caighdeáin an Aontais, lena n-áirítear trí shainphainéil in aghaidh an éillithe a bhunú. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Mholdóiv tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh chun cuntas teiste láidir a bhunú maidir le himscrúduithe, ionchúisimh agus ciontuithe deiridh in aghaidh an éillithe, go háirithe i gcásanna éillithe ardleibhéil. Thairis sin, ba cheart don Mholdóiv a léiriú go bhfuil sé de chleachtas aici, le teann inchreidteachta agus comhsheasmhachta, imscrúduithe airgeadais comhthreomhara a sheoladh, lena n-áirítear urghabháil agus coigistiú deiridh sócmhainní. Maidir le cur chun feidhme, ní mór don Mholdóiv tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh chun dul i ngleic leis an tsaoirse ó phionós agus maidir le dí-olagarcú. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv leanúint de chomhordú agus éifeachtúlacht an chreata coiscthe éillithe a neartú, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt go córasach agus go héifeachtach ar mholtaí ó Ghrúpa Stát Chomhairle na hEorpa i gcoinne na hÉillitheachta (GRECO), ESCE/Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine agus ECFE, lena n-áiritheofar ailíniú breise le *acquis* an Aontais i réimsí na cosanta do sceithirí agus lena neartófar an córas dearbhaithe sócmhainní. Ina theannta sin, iarrann an tAontas ar an Moldóiv an creat beartais in aghaidh an éillithe a chur chun feidhme go leanúnach, lena gcuimsítear príomhshruthú chomhrac an éillithe, measúnuithe tiomnaithe agus bearta nithiúla comhthéacs-shonracha atá dírithe ar dhul i ngleic leis an éilliú sna hearnálacha is leochailí, mar shampla an soláthar poiblí, fiontair faoi úinéireacht stáit, custaim agus cánachas, ceartas agus forfheidhmiú an dlí agus bonneagair.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat dlíthiúil agus institiúideach na Moldóive ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin Eorpacha maidir le **cearta bunúsacha** agus cuireann sé i bhfios go láidir gur gá an cur chun feidhme a neartú chun a ráthú go mbeidh cearta bunúsacha á dteachtadh sa chleachtas ag cách, lena n-áirítear cur chun feidhme bhreithiúnais na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a mhéadú agus acmhainneachtaí na n-institiúidí neamhspleácha um chearta bunúsacha a neartú, lena n-áirítear chun cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta um chearta an duine a áirithiú.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire, maidir le céasadh agus íde mhídhaonna nó tháireach a chosc agus maidir le **córas na bpríosún**, go bhfuil an creat dlíthiúil agus institiúideach i bhfeidhm go ginearálta, ach nach gcomhlíonann gnéithe áirithe caighdeáin Eorpacha sa réimse sin. Tugann an tAontas dá aire tiomantas na Moldóive leanúint d’fheabhas a chur ar dhálaí coinneála. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go bhfuil gá le hiarrachtaí chun breithiúnais na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a chur chun feidhme sa réimse sin agus chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí ón gCoiste Eorpach chun Céastóireacht a Chosc trí dhul i ngleic le plódú, seirbhísí leighis neamhleora, dálaí maireachtála forbhásacha, foréigean idir príosúnaigh, agus an córas neamhfhoirmiúil ordlathach i measc príosúnach.

Tugann an tAontas dá aire, maidir le **cosaint sonraí pearsanta**, go bhfuil creat dlíthiúil na Moldóive ailínithe den chuid is mó leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Tá iarrachtaí fós á ndéanamh chun an creat dlíthiúil a ailíniú go hiomlán leis an Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí agus chun acmhainneachtaí an Lárionaid Náisiúnta um Chosaint Sonraí a neartú.

Tugann an tAontas dá aire, maidir leis an **tsaoirse chun tuairimí a nochtadh**, go n-áirithítear creat dlíthiúil agus institiúideach na Moldóive, ach gur gá an creat dlíthiúil agus institiúideach maidir leis na meáin a ailíniú a thuilleadh le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin Eorpacha. Tugann an tAontas dá aire pleananna na Moldóive a reachtaíocht a ailíniú le Treoir agus Moladh an Aontais maidir le húsáid cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí a chomhrac agus leanúint de na hiarrachtaí ailíniú le Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc 2018 agus ailíniú leis an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán agus leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur cheart feabhas a chur ar thrédhearcacht an tsásra chun ceadúnais na meán arna mbunú leis na leasuithe a rinneadh ar an Dlí Infheistíochta Straitéisí a chur ar fionraí agus gur cheart í a thabhairt i gcomhréir le caighdeáin an Aontais agus le caighdeáin idirnáisiúnta. Cuireann an tAontas i dtreis freisin gur cheart don Mholdóiv leanúint dá hiarrachtaí acmhainneacht na Comhairle Closamhairc agus inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus airgeadais agus neamhspleáchas an chraoltóra seirbhíse poiblí a neartú, chomh maith le trédhearcacht úinéireacht na meán agus éifeachtacht oibríochtúil an Lárionaid um Chumarsáid Straitéiseach agus um Chomhrac na Bréagaisnéise a mhéadú. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur cheart don Mholdóiv cosaint iriseoirí ar gach cineál imeaglaithe a áirithiú agus foráil a dhéanamh d’fhorfheidhmiú éifeachtúil, éifeachtach an dlí agus d’obair leantach bhreithiúnach ar chásanna foréigin, imeaglaithe agus ciaptha i gcoinne iriseoirí. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv leanúint d’fheabhas a chur ar na cearta chun saoirse comhlachais agus comhthionóil i gcomhréir le caighdeáin an Aontais agus le caighdeáin Eorpacha.



PUBLIC

Maidir le **comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú**, i gcás ina bhfuil ailíniú páirteach le *acquis* an Aontais bainte amach ag an Moldóiv, tugann an tAontas dá aire go bhfuil sé beartaithe ag an Moldóiv a reachtaíocht a ailíniú le Treoracha an Aontais maidir le híoschaighdeáin do chomhlachtaí comhionannais. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé ailíniú iomlán a áirithiú le *acquis* an Aontais maidir le comhionannas inscne agus maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac. Molann an tAontas freisin feabhas a chur ar an gcomhordú idirinstitiúideach maidir le comhionannas inscne, lena n-áirítear i ndáil le príomhshruthú inscne. Tugann an tAontas dá aire pleananna na Moldóive seirbhísí speisialaithe tacaíochta d'íospartaigh an fhoréigin a leathnú agus a fheabhsú, agus béim á leagan aige ag an am céanna ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh fáil orthu agus go mbeidh siad inbhuanaithe i gcónaí. Cuireann an tAontas i dtreis gur gá an dlí náisiúnta a ailíniú le reachtaíocht an Aontais i réimse an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe. Cuireann an tAontas i dtreis freisin gur gá feabhas a chur ar chur chun feidhme an dlí i gcoinne an idirdhealaithe agus ar acmhainneacht fhorfheidhmithe na Comhairle Comhionannais. Moltar don Mholdóiv a áirithiú go mbaileofar sonraí maidir le hidirdhealú atá imdhealaithe de réir claontachta agus an chineáil ciona, lena gcumhdaítear gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne freisin. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil sé beartaithe ag an Moldóiv córas caighdeánaithe a chur chun feidhme chun sonraí a bhailiú agus a anailísiú maidir le foréigean in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac, i gcomhréir le modheolaíocht an Aontais. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv aghaidh a thabhairt ar bhearnaí san ailíniú leis an gCinneadh Réime maidir le cineálacha agus léirithe áirithe ciníochais agus seineafóibe a chomhrac trí bhíthin an dlí choiriúil.

Maidir le cearta **daoine faoi mhíchumas**, tugann an tAontas dá aire pleananna na Moldóive ailíniú le *acquis* an Aontais, lena n-áirítear maidir le hinrochtaineacht. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go bhfuil gá le hiarrachtaí chun caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta a chur chun feidhme sa réimse sin, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar an idirdhealú, chun cearta daoine faoi mhíchumas a chothú, chun infhaighteacht seirbhísí poiblí agus pobalbhunaithe a chothú, chun dlús a chur leis an dí-institiúidiú, chun rochtain ar oideachas agus ar fhostaíocht a chur chun cinn agus chun aistriú chuig córas measúnaithe míchumais atá bunaithe ar chearta an duine.



PUBLIC

Iarrann an tAontas ar an Moldóiv seasamh le cosaint **chearta an linbh** agus í a fheabhsú trí ailíniú breise a dhéanamh le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin ábhartha Eorpacha maidir le ceartas lena dtacaítear le leanaí, agus trí chóras comhtháite cosanta leanaí a áirithiú. Tugann an tAontas dá aire a thábhachtaí atá sé don Mholdóiv dul chun cinn cinntitheach a dhéanamh maidir le dí-institiúidiú leanaí a bhfuil cúram tuismitheora de dhíth orthu agus leanaí atá faoi mhíchumas, maidir le feabhas a chur ar sheirbhísí pobalbhunaithe agus teaghlachbhunaithe do leanaí i gcásanna leochaileacha, agus chun a áirithiú go mbeidh sonraí ardcháilíochta, iontaofa, imdhealaithe agus nuashonraithe ar fáil maidir le leanaí a bhíonn teagmháil acu leis an dlí, agus maidir le leanaí in institiúidí. Tugann an tAontas dá aire pleananna na Moldóive líon na speisialtóirí áitiúla cosanta leanaí ar fud na tíre a mhéadú agus oiliúint speisialaithe a chur ar fáil do bhaill foirne a bhíonn i dteagmháil le leanaí.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil gá le hiarrachtaí breise chun ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le cearta nós imeachta do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus do dhaoine cúisithe in imeachtaí coiriúla agus cearta d'íospartaigh na coireachta, lena n-áirítear cearta leanaí. Go háirithe, ba cheart don Mholdóiv coincheap na cosanta ar íospairt thánaisteach agus ar athíospairt a neartú sa bhreis ar íospartaigh cineálacha áirithe coireachta. Tugann an tAontas dá aire pleananna na Moldóive íoschaighdeáin a bhunú maidir le cearta, tacaíocht, cosaint d'íospartaigh na coireachta agus cúiteamh d'íospartaigh na coireachta.

Tugann an tAontas dá aire go ndéantar **cearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad** a choimirciú faoi chreat reachtach na Moldóive agus cuireann sé i bhfios go láidir gur gá leanúint d'aird a thabhairt ar chearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil sé beartaithe ag an Moldóiv leanúint dá hiarrachtaí infhaighteacht agus cáilíocht theagasc na Rómáinise agus as Rómáinis a fheabhsú san oideachas poiblí agus teangacha mionlach náisiúnta a chur chun cinn.

Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Mholdóiv ailíniú iomlán a creata reachtaigh le *acquis* an Aontais a áirithiú tráth an aontachais chun a áirithiú go mbainfear leas iomlán as **cearta saoránachta an Aontais**.

**4. Caibidil 24 – Ceartas, saoirse agus slándáil**

Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go bhfuil creat dlíthiúil na Moldóive maidir le **comhrac na coireachta tromchúisí eagraithe agus maidir le comhar i bhforfheidhmiú an dlí** ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais agus tugann sé dá aire na céimeanna a ghlac an Mholdóiv chun ailíniú breise a dhéanamh le *acquis* an Aontais sa réimse sin. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat straitéiseach na Moldóive ailínithe le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais agus go ndéanann an Mholdóiv anailísí ar bhagairtí agus measúnuithe riosca go rialta chun tacú le ceapadh beartas fianaisebhunaithe. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv iarrachtaí comhordúcháin agus faireacháin a neartú i gcur chun feidhme na gcreataí straitéiseacha sin. Molann an tAontas go neartófaí an comhar idir údaráis forfheidhmithe dlí agus bhreithiúnacha na Moldóive agus Ballstáit an Aontais, CEPOL, Europol agus Eurojust, chomh maith le leanúint dá rannpháirtíocht mhéadaitheach in EMPACT. Leagann an tAontas béim freisin ar an ngá atá le tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun léiriú cuntais teiste láidir maidir le himscrúduithe, ionchúisimh agus ciontaithe deiridh a chomhdhlúthú i ngach réimse den choireacht thromchúiseach agus eagraithe, lena n-áirítear sciúradh airgid, agus maidir le hurghabháil agus coigistiú sócmhainní. Tugann an tAontas dá aire nach mór freagairt na n-údarás forfheidhmithe dlí ar an gcoireacht eagraithe, go háirithe an t-imscrúdú atá á dhéanamh ar ghréasáin choiriúla ard-riosca, a bheith níos réamhghníomhaí agus córasaí. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur cheart don Mholdóiv a hacmhainneachtaí oibríochtúla agus anailíseacha a neartú, lena n-áirítear maidir le saineolas fóiréinseach agus póilíneacht faisnéisbhunaithe, go háirithe trí bhailiú, anailís agus scaipeadh éifeachtúil sonraí faisnéise a fhorbairt ar na caighdeáin is airde, cuireann an tAontas i bhfios go láidir freisin gur cheart don Mholdóiv cleachtas inchreidte córasach a léiriú maidir le himscrúduithe airgeadais a sheoladh agus í ag déileáil leis an gcoireacht eagraithe agus le sciúradh airgid, as a dtiocfaidh méadú ar urghabháil agus coigistiú sócmhainní agus tugann sé dá aire tiomantas na Moldóive i ndáil leis an méid sin. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv an úsáid a bhaintear as imscrúduithe airgeadais a mhéadú agus a hacmhainneacht a fhorbairt chun dul i ngleic le cásanna casta airgeadais freisin. Ba cheart don Mholdóiv a córas aisghabhála sócmhainní a neartú freisin, lena n-áirítear údaráis náisiúnta ábhartha, mar shampla an oifig náisiúnta um aisghabháil sócmhainní agus um bainistiú sócmhainní. Tugann an tAontas dá aire gur cheart don Mholdóiv acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil do na hinstitiúidí atá i mbun an chomhraic i gcoinne na coireachta eagraithe agus gur cheart di freisin feabhas a chur ar an gcomhordú idirinstitiúideach maidir leis an gcoireacht a bhrath agus a chomhrac.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go n-áirítear i reachtaíocht na Moldóive sciúradh airgid agus féinsciúradh neamhspleách a ionchúiseamh, ach gur dúshlán fós é an cur chun feidhme praiticiúil. Ba cheart feabhas mór a chur ar an gcuntas teiste maidir le ciontuithe. Ba cheart don Mholdóiv a áirithiú go bhfuil an reachtaíocht ábhartha maidir le sciúradh airgid a imscrúdú agus a choiriúlú agus maidir le maoiniú sceimhlitheoireachta i gcomhréir le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin idirnáisiúnta, mar shampla iad siúd sa Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais agus Moneyval.

Iarrann an tAontas ar an Moldóiv an reachtaíocht uile agus na bearta cur chun feidhme uile is gá a ghlacadh chun ailíniú go hiomlán le *acquis* an Aontais i réimse na **cibearchoireachta**, agus aontú don dara prótacal breise a ghabhann le Coinbhinsiún Bhúdaipeist chun an chibearchoireacht a chomhrac go héifeachtach. Ba cheart don Mholdóiv cuntas teiste láidir a léiriú freisin maidir leis an gcibearchoireacht a chosc agus a chur faoi chois, go háirithe trína huirlisí agus a trealamh a threisiú chun an chibearchoireacht a imscrúdú, fóiréinsic san áireamh. Ina theannta sin, ba cheart don Mholdóiv an comhar idir an Ghníomhaireacht um Chibearshlándáil agus an Lárionad um Chibearchoireacht a Chomhrac a institiúidiú freisin.

Tugann an tAontas dá aire plean na Moldóive a hacmhainneachtaí a neartú chun **mí-úsáid ghnéasach leanaí, lena n-áirítear ar líne,** a imscrúdú agus a ionchúiseamh agus a creat rialála a ailíniú go hiomlán le *acquis* an Aontais sa réimse sin agus bearta cosanta leanaí a neartú. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv aird ar leith a thabhairt ar leanaí a chosaint ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne agus as líne agus an mhí-úsáid sin a chosc (lena n-áirítear athíospairt a chosc), agus iarrann sé uirthi freisin aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin.

Tugann an tAontas dá aire go raibh an Mholdóiv an-ghníomhach i dtaca le hairm thine EMPACT, agus go bhfuil torthaí dearfacha bainte amach **aici i leith gáinneáil ar airm thine** a chomhrac. Tugann an tAontas dá aire freisin go bhfuil athchóirithe institiúideacha dearfacha déanta ag an Moldóiv trí choimisiún náisiúnta um mionairm agus armáin éadroma a ainmniú agus trí Phointí Fócais Náisiúnta maidir le hAirm Thine a bhunú agus iarrann sé ar an Moldóiv oibriú chun go mbeidh siad faoi lán seoil. Tugann an tAontas dá aire freisin plean na Moldóive creat straitéiseach tiomnaithe a ghlacadh, acmhainneachtaí na n-údarás forfheidhmithe dlí a neartú chun freagairt ar bhagairtí arm tine, feabhas a chur ar chumais anailíse fóiréinseacha le haghaidh imscrúduithe a bhaineann le hairm thine agus slándáil agus sábháilteacht stoc-charn a fheabhsú.



PUBLIC

Cuireann an tAontas i dtábhacht gur tír thionscnaimh, idirthurais agus ceann scríbe na **gáinneála ar dhaoine** í an Mholdóiv agus nach mór di a bearta i gcoinne na gáinneála a neartú agus béim á leagan ar íospartaigh ionchasacha a shainaithint go luath agus íospartaigh a chosaint, lena n-áirítear trí chúnamh, dídean agus bearta cosanta sóisialta a neartú. Tugann an tAontas dá aire tiomantas na Moldóive feabhas a chur ar acmhainneachtaí institiúideacha chun íospartaigh a chosaint i ndáil leis an méid sin. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Albáin cuntas teiste láidir a léiriú maidir le himscrúduithe réamhghníomhacha, ionchúiseamh agus ciontuithe deiridh sa réimse sin.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat dlíthiúil na Moldóive ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais i réimse na ndrugaí agus iarrann sé ar an Moldóiv ailíniú iomlán a áirithiú. Cuireann an tAontas i dtábhacht go bhfuil leibhéal maith **comhair** bainte amach ag údaráis forfheidhmithe dlí na Moldóive **i réimse na ndrugaí** lena gcontrapháirtithe i mBallstáit an Aontais, le Europol agus le Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh. Tugann an tAontas dá aire gur cheart don Mholdóiv tuilleadh forbartha a dhéanamh ar bhailiú sonraí i ndlúthchomhar le Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh maidir leis na táscairí uile a bhaineann le drugaí agus dlús a chur leis an gcomhar oibríochtúil chun gáinneáil ar dhrugaí a chomhrac, lena n-áirítear faoi chuimsiú EMPACT agus i gcomhar le Europol. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv creat straitéiseach cuimsitheach a ghlacadh i réimse na ndrugaí, lena dtabharfar aghaidh ar chosc agus ar laghdú soláthair agus éilimh araon, chomh maith leis an dochar a bhaineann le drugaí. Tugann an tAontas dá aire freisin plean na Moldóive a creat institiúideach a oibríochtú, go háirithe tríd an bhFaireachlann Náisiúnta Drugaí a neartú agus córas náisiúnta luathrabhaidh oibríochtúil a bhunú maidir leis an malartú faisnéise faoi shubstaintí sícighníomhacha nua. Cuireann an tAontas i dtábhacht, sa bhreis ar an gcreat reachtach agus straitéiseach a ailíniú le *acquis* an Aontais, go mbeidh sé ríthábhachtach go léireoidh an Mholdóiv cuntas teiste láidir maidir le hurghabhálacha drugaí, le hionchúisimh agus ciontuithe i gcásanna a bhaineann le drugaí, chomh maith le sócmhainní coiriúla a choigistiú go córasach agus drugaí coigistithe a scriosadh go pras. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv freisin cur lena hacmhainneacht maidir leis an bhfóiréinsic agus acmhainneachtaí na tíre a fhorbairt a thuilleadh a mhéid a bhaineann leis an éileamh ar dhrugaí.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat straitéiseach, dlíthiúil agus institiúideach ag an Moldóiv chun **an sceimhlitheoireacht a chomhrac,** a bhfuil leasuithe ag teastáil ina leith chun é a ailíniú go hiomlán le *acquis* an Aontais. Tugann an tAontas dá aire gur gá an comhar réigiúnach agus an malartú faisnéise íogaire le Europol agus leis na Ballstáit a mhéadú. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv creat straitéiseach a ghlacadh atá tiomnaithe do chomhrac na sceimhlitheoireachta, chomh maith le straitéis a ghlacadh chun an radacú agus an t-antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac. Tugann an tAontas dá aire freisin plean na Moldóive aghaidh a thabhairt ar ábhar sceimhlitheoireachta ar líne trína creat dlíthiúil a ailíniú le *acquis* an Aontais chomh maith le tiomantas na Moldóive margaíocht agus úsáid réamhtheachtaithe pléascán a rialáil. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá tuilleadh oibre a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar mhaoiniú na sceimhlitheoireachta agus ar sciúradh airgid lena n-áirítear cumais forfheidhmithe dlí a neartú in imscrúduithe airgeadais agus i sciúradh airgid. Tugann an tAontas dá aire go ngeallann an Mholdóiv **bonneagar criticiúil a chosaint agus athléimneacht a heintiteas criticiúil a fheabhsú** trí, mar shampla, straitéis athléimneachta a ghlacadh, a heintitis chriticiúla a shainaithint, agus an creat institiúideach a bhunú. Ba cheart don Mholdóiv measúnuithe riosca a dhéanamh freisin sna hearnálacha a chumhdaítear leis an *acquis* sin.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil bunphrionsabail **an chomhair bhreithiúnaigh** ag an Moldóiv **i leith ábhair choiriúla, shibhialta agus thráchtála** a chumhdaítear ina reachtaíocht agus gur aontaigh sí do go leor coinbhinsiún idirnáisiúnta ábhartha, ach go bhfuil gá le tuilleadh ailínithe le *acquis* an Aontais go háirithe maidir le doiciméid a sheirbheáil agus fianaise a ghlacadh, idirghabháil, ábhair theaghlaigh agus comharbais, dócmhainneacht agus cúnamh dlíthiúil. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil sé beartaithe ag an Moldóiv roinnt coinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha atá ann go fóill i réimse an chomhair bhreithiúnaigh a dhaingniú. Ina theannta sin, iarrann an tAontas ar an Moldóiv dlús a chur lena hacmhainneacht riaracháin chun ceanglais an Aontais maidir leis an gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla, shibhialta agus thráchtála a chomhlíonadh agus, a mhéid a bhaineann le hábhair choiriúla, comhar éifeachtach le Eurojust, agus le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) a áirithiú. Iarrtar ar an Moldóiv Ionchúisitheoir Idirchaidrimh a phostú ar bhonn lánaimseartha chuig Eurojust agus chuig ceanncheathrú OIPE.

Maidir leis **an imirce**, tugann an tAontas dá aire go bhfuil níos mó úsáide á baint as an Moldóiv mar thír idirthurais agus ceann scríbe. Cuireann an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé a áirithiú go mbeidh sásraí comhordaithe cuí i bhfeidhm idir na húdaráis lena mbaineann. Tugann an tAontas dá aire plean na Moldóive a plean teagmhasach chun sreabha móra imirce a bhainistiú a thabhairt cothrom le dáta agus iarrann sé ar an Moldóiv acmhainní iomchuí a leithdháileadh. Tugann an tAontas dá aire freisin plean na Moldóive na leasuithe is gá a ghlacadh i réimse na himirce dleathaí chun ailíniú le *acquis* an Aontais atá i bhfeidhm, e.g. an cead aonair oibre agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír (lena n-áirítear oibrithe séasúracha), lena ngabhann forálacha áirithe maidir le hathaontú teaghlaigh agus cónaitheoirí fadtéarmacha, rialacha maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe d'oibrithe ardcháilithe trí Chárta Gorm AE agus do mhic léinn agus do thaighdeoirí, agus rialacha maidir le haistrithe ionchorparáideacha. Tugann an tAontas dá aire freisin plean na Moldóive ailíniú le *acquis* ábhartha an Aontais i réimse na himirce neamhrialta. Leagann an tAontas béim ar an gcomhar maith idir an Mholdóiv agus Frontex agus iarrann sé ar an Moldóiv an comhar sin a dhoimhniú. Tugann an tAontas dá aire freisin an chaibidlíocht atá ar siúl faoi láthair chun socrú oibre nua a thabhairt i gcrích le Frontex lena gcumhdófar a shainordú nua. Ina theannta sin, tugann an tAontas dá aire na hiarrachtaí suntasacha atá á ndéanamh ag an Moldóiv comhpháirtíochtaí oibríochtúla a fhorbairt leis na Ballstáit chun an imirce neamhrialta a chomhrac. Leagann an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé acmhainní airgeadais, daonna agus teicniúla a mhéadú ar bhonn uilechoiteann i réimse na himirce, go háirithe chun an imirce neamhrialta a chosc agus a láimhseáil ar bhealach níos fearr. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv freisin a hacmhainneachtaí a neartú chun nósanna imeachta um fhilleadh a chur i bhfeidhm i gcomhréir le *acquis* an Aontais.

A mhéid a bhaineann le **tearmann**, tugann an tAontas dá aire gur cuireadh bearta faoin bplean teagmhasach i ngníomh chun aghaidh a thabhairt ar insreabhadh ollmhór na n-iarrthóirí tearmainn atá ag teacht isteach sa Mholdóiv i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise ar an hÚcráin. Tugann an tAontas dá aire, áfach, gur gá dlús a chur le hacmhainní daonna, airgeadais, teicniúla agus lóistíochta i gcás méadú ar iarrthóirí tearmainn, lena n-áirítear trí dhálaí glactha leordhóthanacha a áirithiú. Ina theannta sin, iarrann an tAontas ar an Moldóiv aird ar leith a thabhairt ar dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu, go háirithe trí athbhreithniú a dhéanamh ar a córas náisiúnta chun iarrthóirí tearmainn a bhfuil riachtanais speisialta acu a atreorú agus trí chúnamh agus cóiríocht leordhóthanach a chur ar fáil dóibh. Tugann an tAontas dá aire plean na Moldóive athchóiriú cuimsitheach a dhéanamh ar a córas tearmainn agus feabhas a chur ar rochtain iarrthóirí tearmainn ar sheirbhísí agus ar chláir lánpháirtíochta.



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire nach bhfuil **beartas víosaí** na Moldóive ailínithe go hiomlán le beartas víosaí an Aontais go fóill. Meabhraítear don Aontas gur gá beartas víosaí an Aontais a chomhchuibhiú go hiomlán le haontú don Aontas agus iarrann sé ar an Moldóiv céimeanna a ghlacadh chun ailíniú leis an mbeartas víosaí de réir a chéile. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv, go dtí go ndéanfar ailíniú iomlán leis an mbeartas víosaí, scagadh níos déine a dhéanamh ar náisiúnaigh tríú tír atá ag teacht isteach gan víosa, go háirithe iad siúd ó thíortha a bhfuil rioscaí slándála nó imirce neamhrialta ag baint leo. Tugann an tAontas dá aire go mbeidh gá le hoiriúnuithe teicniúla breise ar chóras faisnéise na Moldóive chun an Córas Faisnéise Víosaí a chomhlíonadh agus tugann sé dá aire plean na Moldóive Córas Náisiúnta Faisnéise Víosaí a fhorbairt a bheidh idir-inoibritheach leis, rud is féidir a dhéanamh ag an gcéim ábhartha tar éis an aontachais. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv freisin na rialacha, na nósanna imeachta agus na hacmhainneachtaí ábhartha a fhorbairt chun méarloirg a bhailiú ionas gur féidir doiciméid bhithmhéadracha taistil agus chónaithe a eisiúint agus chun faisnéis a mhalartú leis na Ballstáit.

Tugann an tAontas dá aire, a mhéid a bhaineann le **Schengen agus teorainneacha seachtracha**, an dea-chomhar oibríochtúil leanúnach atá ann le Frontex maidir le faireachas ar theorainneacha agus oiliúint, lena n-áirítear trí oibríocht chomhpháirteach agus comhar na Moldóive san oiliúint. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv leanúint den chomhar sin a fhorbairt agus leagann sé béim ar a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar láimhdeachas ard na bpóilíní teorann chomh maith leis an ngá atá le bonneagar agus trealamh a neartú. Meabhraítear don Aontas go mbeidh codanna substaintiúla de *acquis* Schengen, lena n-áirítear easpa seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha, faoi réir chomhlíonadh na gceanglas oibiachtúil breise ag an Moldóiv, a bheidh le fíorú faoi shásra meastóireachta Schengen. Tugann an tAontas dá aire tiomantas na Moldóive Plean Gníomhaíochta Schengen a ghlacadh chun ullmhú do dhul isteach i limistéar Schengen.

A mhéid a bhaineann le **góchumadh an euro**, leagann an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé Oifig Lárnach Náisiúnta a bhunú maidir le góchumadh airgeadra agus ailíniú breise a dhéanamh le *acquis* an Aontais. Is díol sásaimh don Aontas gur chuir an Mholdóiv bailchríoch ar a haontachas le Coinbhinsiún na Ginéive maidir le deireadh a chur le góchumadh airgeadra i mí na Nollag 2024.

**5. Critéir eacnamaíocha**

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Mholdóiv tiomanta a bheith ina **geilleagar margaidh feidhmiúil**. Cuireann an tAontas i dtreis a thiomanta atá an Mholdóiv cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus athchóirithe eacnamaíocha a shaothrú chomh maith le hairgeadas poiblí inbhuanaithe. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil leibhéil an fhiachais phoiblí inbhuanaithe, agus go raibh easnaimh mhóra fhioscacha ag an Moldóiv le linn géarchéimeanna a bhí ann le déanaí. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú agus infheistíochtaí poiblí á gcothromú ag an am céanna, lena n-áirítear tríd an gcreat nua píblíne tionscadail aonair a chur i bhfeidhm, tríd an mbonn cánach a leathnú, agus trí éifeachtúlacht caiteachais a fheabhsú trí athbhreithnithe caiteachais. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir, in ainneoin na n-iarrachtaí tábhachtacha agus an dul chun cinn atá déanta le blianta beaga anuas, go bhfuil na príomhlaigí struchtúracha fós ann agus go leanann siad de theorainn a chur le feidhmiú éifeachtach an gheilleagair margaidh agus d’infheisteoirí áitiúla agus eachtracha a dhíspreagadh. Áirítear leis sin: i) timpeallacht ghnó lag atá thíos go mór freisin de bharr chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ii) leibhéil ísle rannpháirtíochta i margadh an tsaothair, iii) ardleibhéal geilleagair neamhfhoirmiúil, iv) ceannas fiontar faoi úinéireacht stáit i roinnt earnálacha tráth a bhfuil céimeanna tábhachtacha den athchóiriú leanúnach ar fhiontair faoi úinéireacht stáit fós ar feitheamh agus v) forbairt theoranta na hearnála airgeadais agus bacainní leanúnacha curtha ar rochtain ar mhaoiniú.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag an Moldóiv maidir lena **hacmhainneacht déileáil le brú iomaíoch agus le fórsaí an mhargaidh** san Aontas. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil geilleagar na Moldóive fós ag brath go mór ar earnáil talmhaíochta ísealtáirgeachta d'ainneoin aistriú de réir a chéile i dtreo seirbhísí lena nochtar a geilleagar d'ardrioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv a geilleagar a éagsúlú a thuilleadh agus a hathléimneacht i gcoinne an athraithe aeráide a neartú. Tugann an tAontas dá aire comhtháthú méadaitheach na Moldóive i margadh an Aontais ó thaobh trádála agus infheistíocht dhíreach choigríche de araon, agus molann sé don Mholdóiv tuilleadh tacaíochta a thabhairt do chomhtháthú gnólachtaí áitiúla i slabhraí luacha domhanda, go háirithe trí thuilleadh onnmhairí breisluacha agus onnmhairí éagsúlaithe. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go bhfuil feabhas suntasach tagtha ar athléimneacht fuinnimh na Moldóive le blianta beaga anuas, go príomha mar gheall ar infheistíochtaí móra sa bhonneagar fuinnimh agus i gcomhtháthú le margadh an Aontais. D'ainneoin bearnaí suntasacha a bheith fós ann, tugann an tAontas dá aire go bhfuil feabhas mall tagtha ar an mbonneagar iompair, ar dhigiteáil an gheilleagair agus ar cháilíocht an oideachais. Cuireann an tAontas i dtreis chomh maith nach mór infheistíochtaí i ngach réimse den bhonneagar fisiceach a mhéadú, agus acmhainní ó Phlean Fáis na Moldóive á ngiaráil, agus tacaíocht á fáil ó bhainistiú infheistíochta poiblí feabhsaithe agus ó athchóirithe rialachais. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv feabhas a chur ar a táirgiúlacht agus ar a dul chun cinn teicneolaíoch, rud a bhfuil bac air faoi láthair mar gheall ar easpa fios gnó fiontraíochta agus teicneolaíochta, leibhéil ísle infheistíochta dírí coigríche, mímheaitseáil scileanna, agus caiteachas íseal leanúnach ar T&F agus ar nuálaíocht, trí cháilíocht níos airde agus leibhéil torthaí oideachais atá curtha in oiriúint do riachtanais mhargadh an tsaothair, iarrachtaí chun tacú le hinfheistíocht i dtaighde agus tacú le haistriú teicneolaíochta a fhaigheann tacaíocht ó infheistíocht dhíreach choigríche.

Iarrann an tAontas ar an Moldóiv aghaidh a thabhairt go córasach agus go críochnúil ar na moltaí beartais ón Aontas a leagtar amach sna tuarascálacha ar phacáistí um méadú ón gCoimisiún, agus ar an treoir bheartais a comhaontaíodh go comhpháirteach i gcomhthéacs na gConclúidí Comhpháirteacha ón Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais idir an tAontas Eorpach agus na tíortha is iarrthóir, chomh maith leis na gealltanais atá le teacht faoin bPlean Fáis, a chabhróidh leis an Moldóiv na critéir eacnamaíocha a chomhlíonadh.

PUBLIC

**6. Caibidil 5 – Soláthar poiblí**

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil córas um sholáthar poiblí na Moldóive ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais. Cé go bhfuil leibhéal maith ailínithe i réimse **na n-earnálacha clasaiceacha agus fóntas**, iarrann an tAontas ar an Moldóiv athbhreithniú a dhéanamh ar a reachtaíocht sna hearnálacha sin maidir le heisiamh óna raon feidhme, forais eisiaimh, critéir dhámhachtana, critéir cháilíochta agus roghnúcháin oibreoirí eacnamaíocha, agus soláthar ar luach íseal chun ailíniú iomlán a dhéanamh le treoracha an Aontais maidir le soláthar poiblí. Tugann an tAontas dá aire freisin, i réimse na **lamháltas agus na gcomhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha**, go bhfuil an Mholdóiv ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais agus leagann sé béim ar na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun a reachtaíocht a ailíniú a thuilleadh. Thairis sin, iarrann an tAontas ar an Moldóiv leanúint dá hiarrachtaí reachtaíocht chomhleanúnach a bhunú sa réimse sin, agus go háirithe creat dlíthiúil feabhsaithe a ghlacadh le haghaidh na gcomhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha. Tugann an tAontas dá aire plean na Moldóive reachtaíocht chuimsitheach a thabhairt isteach lena gcumhdófar réimse **an tsoláthair cosanta agus slándála**.

Tugann an tAontas dá aire ullmhúchán measartha na Moldóive ó thaobh **acmhainneacht cur chun feidhme agus forfheidhmithe** sa soláthar poiblí de. Cuireann an tAontas i dtreis a thábhachtaí atá trédhearcacht agus ionracas in oibríochtaí soláthair, chomh maith le héifeachtúlacht agus cur chun feidhme críochnúil. Go háirithe, tugann an tAontas dá aire plean na Moldóive córas nua ríomhsholáthair a chur chun feidhme chun trédhearcacht, éifeachtúlacht, bailiú éifeachtach sonraí agus faireachán a neartú. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv acmhainneachtaí na n-údarás conarthach a threisiú ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal áitiúil araon tríd an nGníomhaireacht um Sholáthar Poiblí chun feidhmiú an chórais soláthair phoiblí a fheabhsú a thuilleadh i gcomhthráth le próiseas athchóirithe a creata reachtaigh, agus chun dul i ngleic le rioscaí éillithe i bhfianaise na hardleochaileachta san earnáil sin.

Tugann an tAontas dá aire ardleibhéal ailínithe na Moldóive le *acquis* an Aontais i réimse **an tsoláthair cosanta**. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv athbhreithniú a dhéanamh ar a reachtaíocht lena dtugtar aghaidh ar neamhréireachtaí maidir le teorainneacha ama chun gearáin a chur isteach agus a reachtaíocht a ailíniú leis an *acquis* maidir le córas athbhreithnithe a bhaineann le hearnáil na bhfóntas. Thairis sin, tugann an tAontas dá aire gur chuir an Mholdóiv a córas leictreonach trédhearcach gearán chun feidhme trí ardán na Gníomhaireachta Náisiúnta um Ghearáin a Réiteach. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Mholdóiv idir-inoibritheacht a córais athbhreithnithe dhigitithe a áirithiú i gcomhthráth le nuachóiriú a córais leictreonaigh soláthair. Tugann an tAontas dá aire córas réitigh na Moldóive lena gcoinnítear leibhéal cobhsaí feidhmíochta agus cinntí cáilíochta ar bun maidir leis na gearáin a dhéantar.

PUBLIC

**7. Caibidil 18 – Staidreamh**

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil **bonneagar staidrimh** na Moldóive ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais. Tugann an tAontas dá aire tiomantas na Moldóive acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais a leithdháileadh ar earnáil an staidrimh chun ailíniú iomlán le *acquis* an Aontais a bhaint amach.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil sé beartaithe ag an Moldóiv Straitéis Forbartha 2023-2030 maidir leis an gCóras Staidrimh Náisiúnta agus Clár 2023-2026 um Fhorbairt an Chórais Staidrimh Náisiúnta a chur chun feidhme.

Tugann an tAontas dá aire tiomantas na Moldóive meitheal idirinstitiúideach agus Meabhráin tuisceana a bhunú idir institiúidí chun go sonrófar freagrachtaí na n-institiúidí ábhartha maidir le staidreamh nua áirithe a ullmhú ar bhealach níos fearr.

Tugann an tAontas dá aire gur chuir an Mholdóiv **príomhaicmithe an Aontais** chun feidhme le leibhéil éagsúla comhlíonta leis an *acquis*. Tugann an tAontas dá aire tiomantas na Moldóive an obair riachtanach bhreise ar chláir staidrimh a áirithiú chun comhlíonadh iomlán *acquis* an Aontais a áirithiú.

Leagann an tAontas béim ar ailíniú páirteach na Moldóive le *acquis* an Aontais maidir le **staidreamh**, agus ar an obair shuntasach a bheidh le déanamh i ngach réimse. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh i ngach réimse staidrimh chun ailíniú iomlán a bhaint amach.

**8. Caibidil 32 - Rialú airgeadais**

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Mholdóiv ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais maidir le **rialú inmheánach airgeadais phoiblí** agus go bhfuil creat reachtach na Moldóive ailínithe a bheag nó a mhór le caighdeáin an Aontais. Cuireann an tAontas i dtreis gur cheart feabhas a chur ar chur chun feidhme éifeachtach an rialaithe inmheánaigh, go háirithe maidir le cuntasacht bhainistíochta tharmligthe agus bainistiú riosca. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir freisin gur cheart na hacmhainneachtaí acmhainní daonna atá ag feidhm na hiniúchóireachta inmheánaí a neartú go suntasach, agus gur gá feabhas a chur ar na próisis phleanála iniúchóireachta inmheánaí chun ceanglais fheidhm na hiniúchóireachta inmheánaí a chomhlíonadh.

Iarrann an tAontas ar an Moldóiv tionchar na **bhfeidhmeanna iniúchóireachta** inmheánaí agus seachtraí a neartú chun caighdeáin agus prionsabail ghairmiúla an Aontais a chomhlíonadh go hiomlán.

Iarrann an tAontas ar an Moldóiv a creat reachtach a athrú go leordhóthanach chun aghaidh a thabhairt ar **neamhspleáchas agus ar stádas Chúirt na gCuntas**, i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta.

Iarrann an tAontas ar an Moldóiv a reachtaíocht náisiúnta a ailíniú go hiomlán le treoir an Aontais maidir le comhrac na calaoise ar **leasanna airgeadais an Aontais** tríd an dlí coiriúil.

Iarrann an tAontas ar an Moldóiv comhar a bhunú go foirmiúil agus a threisiú idir na húdaráis inniúla náisiúnta maidir leis **an euro a chosaint ar ghóchumadh**.

*      *      *



PUBLIC

I bhfianaise staid reatha ullmhúcháin na Moldóive, tugann an tAontas dá aire, ar an tuiscint go gcaithfidh an Mholdóiv leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le hailíniú agus cur chun feidhme *acquis* an Aontais agus na gcaighdeán Eorpach ábhartha a chumhdaítear le Cnuasach 1, gur ghá na tagarmharcanna eatramhacha seo a leanas a bhaint amach:

- *ar leibhéal cothrománach do chnuasach 1* áirithíonn an Mholdóiv go ndéanfar dlúthfhaireachán buan ar chur chun feidhme leanúnach na dtreochlár maidir leis an smacht reachta, athchóiriú an riaracháin phoiblí agus feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha trí shásra láidir ildisciplíneach maoirseachta, agus aird ar leith á tabhairt ar leordhóthanacht na n-acmhainní airgeadais, ar an acmhainneacht institiúideach agus ar chloí leis na sprioc-amanna a leagtar síos, agus idirphlé gníomhach, fóinteach leis an tsochaí shibhialta.

PUBLIC

<u>**Caibidil 23 – Na breithiúna agus na cearta bunúsacha**</u>

**Cuireann an Mholdóiv a hathchóiriú cuimsitheach ceartais chun feidhme a thuilleadh, lena gcuirtear feabhas ar neamhchlaontacht, neamhspleáchas, cuntasacht, cáilíocht agus éifeachtúlacht an chórais bhreithiúnaigh i gcomhréir le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin Eorpacha. Go háirithe, comhlíonfaidh an Mholdóiv an tagarmharc eatramhach sin a luaithe a dhéanfaidh sí an méid seo a leanas:**

- Acmhainneacht, cáilíocht, trédhearcacht, éifeachtacht agus *neamhspleáchas* struchtúrach chomhlachtaí féinrialachais breithiúnacha agus ionchúisimh na mbreithiúna, na hUaschomhairle Giúistíseachta agus Uaschomhairle na nIonchúisitheoirí agus a gcoláistí speisialaithe a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear trí acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh; dul chun cinn nithiúil maidir le cur chun feidhme na léarscáileanna breithiúnacha agus ionchúisimh;

- Neamhspleáchas struchtúrach agus cuntasacht leanúnach na mbreithiúna agus na seirbhísí ionchúisimh a neartú, go háirithe trí dhul chun cinn suntasach a dhéanamh i dtreo an *próiseas* grinnfhiosrúcháin a chur i gcrích agus cuntasacht agus ionracas leanúnach sa chóras breithiúnach ar gach leibhéal iar-ghrinnfhiosrúcháin, i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha, lena n-áirítear trí phróiseas araíonachta feabhsaithe, agus uathriail oibríochtúil agus ionracas struchtúrach méadaithe sa tseirbhís ionchúisimh;

- Feabhas a chur ar cháilíocht an cheartais, lena n-áirítear trí acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna a áirithiú do na breithiúna agus do na seirbhísí ionchúisimh, trí na folúntais in earnáil an cheartais a laghdú go suntasach, tríd an athchóiriú ar an gCúirt Bhreithiúnais Uachtarach a chur chun feidhme, agus trí fheidhmiú na hInstitiúide Náisiúnta Ceartais a neartú;

- Éifeachtúlacht fheabhsaithe na mbreithiúna, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar rátaí imréitigh agus ar aga *diúscartha* as a dtiocfaidh laghdú leanúnach ar riaráiste na gcásanna, nós imeachta feabhsaithe na Cúirte Bunreachtúla, úsáid mhéadaithe sásraí malartacha um réiteach díospóidí, cúnamh dlíthiúil feabhsaithe, rátaí forfheidhmiúcháin níos airde, agus feabhas a chur ar dhigiteáil an chórais ceartais.

**Déanann an Mholdóiv tuilleadh dul chun cinn suntasach i ngleic agus cosc an éillithe. Go háirithe, comhlíonfaidh an Mholdóiv an tagarmharc eatramhach sin a luaithe a dhéanfaidh sí an méid seo a leanas:**

- An creat dlíthiúil agus straitéiseach in aghaidh an éillithe a chur chun feidhme go comhsheasmhach i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear moltaí ábhartha ó GRECO, ESCE-Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine *agus* ECFE, le comhordú, buiséadú, faireachán agus meastóireacht éifeachtach;

- Feabhas suntasach a chur ar neamhspleáchas, éifeachtacht, comhordú agus acmhainneacht oibríochtúil na n-institiúidí speisialaithe in aghaidh an éillithe chomh maith le hinstitiúidí ábhartha eile atá freagrach as comhrac an éillithe;



PUBLIC

- Éifeachtúlacht *an* chreata coiscthe éillithe a neartú, lena n-áirítear ailíniú de réir a chéile le *acquis* an Aontais, mar shampla cosaint do sceithirí, agus fíorú dearbhaithe sócmhainní a neartú.

- Dul chun cinn nithiúil a dhéanamh i dtreo cuntas teiste láidir a léiriú maidir le himscrúduithe, *ionchúisimh* agus ciontuithe i gcásanna éillithe, go háirithe ciontuithe deiridh ar ardleibhéal, agus líon agus luach foriomlán na sócmhainní urghafa, reoite agus coigistithe a mhéadú;

- Feabhas a chur ar phríomhshruthú bhearta nithiúla chomhrac an éillithe trí *mheasúnuithe* riosca agus bearta sistéamacha ionracais sna hearnálacha is leochailí don éilliú.

**Neartaíonn an Mholdóiv cosaint na gceart bunúsach sa chleachtas a thuilleadh. Go háirithe, comhlíonfaidh an Mholdóiv an tagarmharc eatramhach sin a luaithe a dhéanfaidh sí an méid seo a leanas:**

- Cur chun feidhme neartaithe an chreata dhlíthiúil agus beartais maidir le cearta bunúsacha agus *a* bhforfheidhmiú sa chleachtas, go háirithe trí chur chun feidhme méadaithe bhreithiúnais ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine agus trí acmhainneacht neartaithe institiúidí neamhspleácha um chearta bunúsacha, lena n-áirítear an Chomhairle Comhionannais agus Oifig Abhcóide an Phobail;

- Athchóiriú leanúnach ar phríosúin agus ar choinneáil, lena n-áirítear dálaí feabhsaithe chomh maith le hobair leantach ar chásanna drochíde;

- An tsaoirse comhlachais agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a fheabhsú, lena n-áirítear saoirse agus iolrachas na meán trí neamhspleáchas agus acmhainneacht institiúideach na meán seirbhíse poiblí a threisiú agus trí chreat chun faireachán a dhéanamh ar a ngníomhaíocht, chomh maith le trédhearcacht úinéireacht na meán a áirithiú i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus le caighdeáin an Aontais;

- A áirithiú go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn i dtreo ailíniú reachtach na reachtaíochta náisiúnta le *acquis* an Aontais maidir le comhionannas agus neamh-idirdhealú, fuathchoireacht agus fuathchaint, cearta daoine faoi mhíchumas, comhionannas inscne agus foréigean inscnebhunaithe a chomhrac, cearta *nós imeachta* daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe in imeachtaí coiriúla agus cearta íospartach, bailiú sonraí feabhsaithe, agus seirbhísí tacaíochta speisialaithe d'íospartaigh na coireachta a áirithiú, agus acmhainneachtaí neartaithe an Lárionaid Náisiúnta um Chosaint Sonraí a áirithiú;

- Dul chun cinn a dhéanamh i dtreo córas comhtháite cosanta leanaí a bhunú agus i dtreo *ailíniú* le *acquis* an Aontais maidir le cearta an linbh, dul chun cinn a dhéanamh i dtreo dí-institiúidiú leanaí a bhfuil cúram tuismitheora de dhíth orthu agus daoine faoi mhíchumas;

**<u>Caibidil 24 – Ceartas, saoirse agus slándáil</u>**

**Dul chun cinn nithiúil i gcomhrac na coireachta tromchúisí eagraithe déanta ag an Moldóiv. Go háirithe, comhlíonfaidh an Mholdóiv an tagarmharc eatramhach sin a luaithe a dhéanfaidh sí an méid seo a leanas:**

- Í féin a ailíniú a thuilleadh le acquis an Aontais maidir le comhrac na coireachta eagraithe, lena n-áirítear maidir le sciúradh airgid a imscrúdú agus a choiriúlú, chomh maith le sócmhainní a aisghabháil agus a choigistiú.

- Dul chun cinn *nithiúil* a dhéanamh i dtreo cuntas teiste láidir a léiriú maidir le himscrúduithe, ionchúisimh agus ciontuithe deiridh i ngach réimse den choireacht thromchúiseach agus eagraithe (lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine agus mí-úsáid ghnéasach leanaí, cibearchoireacht, gáinneáil ar airm thine, táirgeadh drugaí, gáinneáil agus sciúradh airgid agus comhrac na sceimhlitheoireachta).

PUBLIC

- Cleachtas inchreidte comhsheasmhach a léiriú maidir le himscrúduithe airgeadais córasacha a sheoladh agus iad ag déileáil leis an gcoireacht thromchúiseach eagraithe agus *sciúradh* airgid san áireamh.

- Dul chun cinn *nithiúil* a dhéanamh i dtreo cuntas teiste láidir a léiriú maidir le sócmhainní a urghabháil agus a choigistiú go críochnaitheach agus feabhas a chur ar a córas aisghabhála sócmhainní;

- Dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir le líonraí gáinneála ar dhaoine agus *gáinneáil* ar airm thine a dhíchóimeáil, lena n-áirítear tríd an bPointe Fócais Náisiúnta maidir le Mionairm agus Armáin Éadroma a oibríochtú.

- A creat institiúideach a neartú, go háirithe trí chumhachtaí *agus* feidhmeanna na ngníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí a shainiú ar bhealach níos soiléire, trína neamhspleáchas agus a n-ionracas, a n-acmhainneachtaí oibríochtúla, anailíseacha agus TF agus a gcomhar idirghníomhaireachta a fheabhsú.

- Acmhainneacht riaracháin *neartaithe* chun go mbeidh sí in ann ceanglais an Aontais maidir leis an gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla, shibhialta agus thráchtála a chomhlíonadh agus comhar éifeachtach le Eurojust, agus OIPE a áirithiú.

**Cuireann an Mholdóiv feabhas ar a hiarrachtaí maidir le comhar i réimse na ndrugaí. Go háirithe, comhlíonfaidh an Mholdóiv an tagarmharc eatramhach sin a luaithe a dhéanfaidh sí an méid seo a leanas:**

- Córas Náisiúnta Luathrabhaidh atá feidhmiúil agus a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige a bhunú agus Faireachlann Náisiúnta um Dhrugaí *a neartú*, agus a reachtaíocht a ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le drugaí agus réamhtheachtaithe drugaí.

- Dul chun cinn nithiúil a dhéanamh i dtreo cuntas teiste láidir a léiriú maidir le hurghabhálacha drugaí, *scriosadh* agus coigistiú sócmhainní comhfhreagracha.



PUBLIC

**Baineann an Mholdóiv torthaí amach i réimsí na himirce dleathaí agus neamhrialta, an tearmainn, agus maidir le saincheisteanna a bhaineann le *acquis* Schengen agus le teorainneacha seachtracha agus beartas víosaí. Go háirithe, comhlíonfaidh an Mholdóiv an tagarmharc eatramhach sin a luaithe a dhéanfaidh sí an méid seo a leanas:**

- Ailíniú feabhsaithe le *acquis* an Aontais maidir le himirce, tearmann, beartas víosaí agus bainistiú teorainneacha, lena n-áirítear ailíniú breise leis an modheolaíocht Eorpach maidir le bainistiú comhtháite teorainneacha.

- Chuir sí feabhas ar a hacmhainneachtaí institiúideacha, ar a sásraí comhair agus comhordúcháin i measc *na n-údarás* a bhfuil baint acu le bainistiú imirce, teorainneacha agus tearmainn, nuashonraigh sí a plean chun sreabha imirce measctha méadaithe a bhainistiú, agus treisíodh comhrac na himirce neamhrialta agus na smuigleála imirceach.

- *Feabhas a chur ar* a chóras tearmainn, lena n-áirítear leis an stát a chuireann na seirbhísí riachtanacha ar fáil d’iarrthóirí tearmainn.

*  *

I bhfianaise staid reatha ullmhúcháin na Moldóive, agus ar choinníoll go gcomhlíonfaidh an Mholdóiv na tagarmharcanna eatramhacha go cothrománach agus maidir leis na caibidlí faoin smacht reachta, tugann an tAontas dá aire, ar an tuiscint go gcaithfidh an Mholdóiv leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le hailíniú agus cur chun feidhme *acquis* an Aontais a chumhdaítear leis na caibidlí seo a leanas, agus gan dochar d’aon choinníollacha breise a bhunaítear sna tagarmharcanna breise a shainítear do Chnuasach 1, nach bhféadfar na caibidlí sin a dhúnadh go sealadach go dtí go gcomhaontóidh an tAontas go gcomhlíonfar na tagarmharcanna seo a leanas:



PUBLIC

**Caibidil 5 – Soláthar poiblí**

Déanann an Mholdóiv a creat dlíthiúil náisiúnta a ailíniú go hiomlán le *acquis* an Aontais maidir le gach réimse den soláthar poiblí, lena n-áirítear freisin lamháltais, comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí, agus soláthar cosanta, agus comhaontuithe idirnáisiúnta lena ndíolmhaítear soláthar áirithe ó rialacha soláthair phoiblí i gcomhréir le *acquis* an Aontais;

Cuireann an Mholdóiv i bhfeidhm acmhainneacht leordhóthanach institiúideach agus riaracháin ar gach leibhéal agus déanann sí bearta iomchuí chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú ceart na reachtaíochta náisiúnta sa réimse sin a áirithiú, chomh maith le huirlisí cur chun feidhme agus faireacháin, in am trátha roimh an aontachas. Áirítear, leis sin, go háirithe:

– sásraí rialaithe agus iniúchóireachta a neartú agus trédhearcacht a fheabhsú do chéim forghníomhaithe conarthaí poiblí bunaithe ar mheasúnuithe riosca córasacha le tosaíocht a thabhairt do rialuithe in earnálacha agus nósanna imeachta leochaileacha;

– feidhmiú éifeachtach an chórais leigheasanna, lena n-áirítear i réimse na lamháltas, na gcomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí agus an tsoláthair cosanta;

– bearta/gníomhaíochtaí a bhaineann leis an éilliú a chosc agus a chomhrac agus le coinbhleacht leasa i réimse an tsoláthair phoiblí ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal áitiúil araon.

Léiríonn an Mholdóiv cuntas teiste láidir maidir le córas soláthar poiblí atá cothrom agus trédhearcach, lena soláthraítear úsáid éifeachtúil, éifeachtach agus tairbheach ó thaobh an gheilleagair de as acmhainní poiblí, iomaíocht agus coimircí láidre agus gníomhaíocht i gcoinne an éillithe.

PUBLIC

**Caibidil 18 – Staidreamh**

Tíolacann an Mholdóiv príomhshonraí maicreacnamaíocha (cuntais náisiúnta agus staidreamh airgeadais an rialtais/nósanna imeachta um easnamh iomarcach) i gcomhréir le modheolaíocht Chóras Eorpach na gCuntas (CEC) atá i bhfeidhm, chomh maith le clár gaolmhar tarchuir CCE, ceanglais maidir le fógra a thabhairt faoi OIN agus faoin nós imeachta um easnamh iomarcach agus ceanglais ábhartha eile mar aon leis an tuairisc mhionsonraithe is gá ar an modheolaíocht a úsáidtear agus beidh na sonraí agus na tuairiscí a tíolacadh fíoraithe cheana ag Eurostat agus beidh ailíniú iomchuí le rialacha an Aontais dearbhaithe aige cheana a mhéid a bhaineann le tráthúlacht, iomláine, comhleanúnachas, trédhearcacht agus cruinneas;

Glacann an Mholdóiv treochlár maidir leis an méid seo a leanas: (i) bearnaí atá fágtha i dtáblaí uile CCE a dhúnadh, (ii) táblaí atá fágtha ó Chlár Tarchurtha CCE a tharchur, (iii), bearnaí atá fágtha san fhaisnéis atá le soláthar in éineacht le táblaí nósanna imeachta um easnamh iomarcach a laghdú, agus (iv) aon saincheisteanna modheolaíochta atá fágtha a chur chun feidhme. Dearbhaíonn Eurostat ábharthacht an treochláir.

**Caibidil 32 - Rialú airgeadais**

Áirithíonn an Mholdóiv cur chun feidhme cuí na reachtaíochta náisiúnta maidir le rialú airgeadais inmheánach poiblí, go háirithe maidir le cuntasacht bhainistíochta tharmligthe agus bainistiú riosca. Neartaítear inniúlachtaí riaracháin fheidhm na hiniúchóireachta inmheánaí. Comhlíonann na próisis phleanála iniúchóireachta inmheánaí na caighdeáin idirnáisiúnta a bhaineann leis an bhfeidhm iniúchóireachta.

Comhlíonann Cúirt na gCuntas sa Mholdóiv caighdeáin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Go háirithe, tugann creat dlíthiúil na Moldóive aghaidh go leordhóthanach ar neamhspleáchas agus ar stádas Chúirt na gCuntas.

Rinne an Mholdóiv a reachtaíocht a ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le comhrac na calaoise agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. Tá Seirbhís Comhordúcháin Frith-Chalaoise atá feidhmiúil agus éifeachtúil i bhfeidhm ag an Moldóiv mar aon le líonra comhfhreagrach. Cuireann an Mholdóiv Straitéis Náisiúnta Frith-Chalaoise éifeachtúil chun feidhme chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Tá cuntas teiste láidir ag an Moldóiv maidir le comhar leis an gCoimisiún, OLAF agus le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) maidir le neamhrialtachtaí tuairiscithe agus cásanna imscrúdaithe a bhaineann le cistí an Aontais.

Rinne an Mholdóiv a reachtaíocht a ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le monaí euro a fhíordheimhniú agus tá na struchtúir iomchuí agus an comhar treisithe idir na húdaráis inniúla náisiúnta bunaithe aici.

*    *

PUBLIC

Le linn na caibidlíochta, leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le hailíniú le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin ábhartha Eorpacha agus maidir le cur chun feidhme an *acquis* agus na gcaighdeán sin. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go dtabharfaidh sé aird ar leith ar fhaireachán ar na saincheisteanna sonracha uile a luaitear thuas d'fhonn acmhainneacht riaracháin na Moldóive a áirithiú, d'fhonn a áirithiú go bhfuil an acmhainneacht aici chun ailíniú dlíthiúil a thabhairt chun críche i ngach earnáil faoin gcnuasach sin chomh maith le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na naisc idir an cnuasach atá faoi chaibidil anseo agus cnuasaigh chaibidlíochta eile. Ní féidir measúnú deiridh a dhéanamh ar chomhréireacht reachtaíocht na Moldóive le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin Eorpacha ábhartha ná ar a hacmhainneacht cur chun feidhme go dtí céim níos déanaí den chaibidlíocht. Sa bhreis ar an bhfaisnéis uile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón Aontas le haghaidh na caibidlíochta sa chnuasach sin, agus atá le cur ar fáil don Chomhdháil, iarrann an tAontas ar an Moldóiv faisnéis mhionsonraithe i scríbhinn a chur ar fáil go rialta don Chomhairle Comhlachais maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme *acquis* an Aontais.

I bhfianaise na mbreithniúchán uile thuas, beidh ar an gComhdháil filleadh ar an gcnuasach sin tráth is iomchuí.

Thairis sin, meabhraítear don Aontas go bhféadfadh *acquis* nua a bheith ag an Aontas a thiocfaidh chun bheith ann idir an 3 Meitheamh 2026 agus tabhairt i gcrích na caibidlíochta.

PUBLIC